# 8 Bearta maidir le Cibearshlándáil Náisiúnta

**8.1** Tagraíonn an téarma 'cibearshlándáil' don raon iomlán beart atá deartha chun córais na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chosaint agus chun rúndacht, sláine agus infhaighteacht seirbhísí sonraí a áirithiú. Cuimsítear leis iomlán na dteicneolaíochtaí, na bpróiseas agus na gcleachtas atá deartha chun líonraí, gléasanna, ríomhchláir agus sonraí a chosaint ar ionsaí, ar dhamáiste nó ar rochtain neamhúdaraithe.

**8.2** Tá cur isteach ar bhonneagar agus ar líonraí faisnéise criticiúla sonraithe mar riosca straitéiseach scoite sa Mheasúnú Riosca Náisiúnta bliantúil ó 2014. Sonraíodh an méid seo a leanas sa mheasúnú in 2017: "*ós rud é go bhfuil líon mór ionad sonraí idirnáisiúnta bunaithe in Éirinn, d'fhéadfadh ionsaí tromchúiseach nó cliseadh cibearshlándála an-damáiste a dhéanamh dár gclú agus, ina theannta sin, dár ngeilleagar*".[1]

**8.3** Bagairt leanúnach ar fud an domhain is ea iad cibearionsaithe ar chórais chriticiúla. I measc ionsaithe den sórt sin, áirítear an t-ionsaí ar eangach chumhachta na hÚcráine i Nollaig 2015 agus an fhadhb dhomhanda a tháinig chun cinn i mBealtaine 2017 mar thoradh ar an ríomhphéist 'WannaCry2'. Chuaigh an chéad ionsaí i bhfeidhm ar 230,000 duine a bhí fágtha gan chumhacht ar feadh suas go dtí sé uair an chloig. Chuaigh an dara hionsaí i bhfeidhm ar chórais TFC ar fud an domhain; sa Ríocht Aontaithe, níorbh fhéidir leis an tSeirbhís Sláinte Náisiúnta ach seirbhísí éigeandála amháin a chur ar fáil in áiteanna áirithe mar thoradh ar an ionsaí. In Éirinn, chuaigh 'WannaCry2' i bhfeidhm ar shaoráid i Loch Garman atá cistithe ag FSS.

**8.4** Is í an Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an Roinn) atá freagrach as an mbeartas cibearshlándála in Éirinn. Is í atá freagrach freisin as comhordú a dhéanamh ar phráinnfhreagairt an rialtais ar aon eachtraí cibearshlándála ar leibhéal náisiúnta. Comhlíonann an Roinn na freagrachtaí sin tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.

**8.5** D'fhoilsigh an Roinn an *Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála, 2015-2017,* in 2015. Creat atá sa straitéis chun idirghníomhaíochtaí "*sábháilte, slána agus iontaofa*" sa chibearspás a áirithiú.

**8.6** In Iúil 2016, ghlac an tAontas Eorpach treoir — an Treoir maidir le Slándáil Córas Líonra agus Faisnéise (an Treoir) — d'fhonn leibhéal ard slándála a bhaint amach san AE. Ceanglaítear leis an Treoir go nglacfar agus go bhfoilseofar na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin atá riachtanach chun cloí leis an Treoir faoin 9 Bealtaine 2018. Thug an tAire Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an tAire) éifeacht don Treoir an 18 Meán Fómhair 2018.[2]

**8.7** Déantar athbhreithniú san iniúchadh seo ar an dul chun cinn atá déanta ó cuireadh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ar bun.

1 Caibidil 5: Rioscaí Teicneolaíochta; *Measúnú Riosca Náisiúnta, 2017, Forléargas ar Rioscaí Straitéiseacha,* Roinn an Taoisigh, an 29 Lúnasa 2017.

2 Ionstraim Reachtúil uimh. 360 de 2018, *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta chun leibhéal ard slándála líonra agus faisnéise a áirithiú), 2018.*

## An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála


### *Sainordú*

8.8 Cuireadh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ar bun in 2011 tar éis cinneadh Rialtais.[1] Tá an Lárionad lonnaithe i gcóiríocht ar cíos ar champas an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, den chuid is mó. Is é príomhchúram an Lárionaid líonraí an rialtais a chosaint, cabhrú le tionscail agus le daoine aonair a gcórais féin a chosaint, agus bonneagar náisiúnta criticiúil a dhaingniú.[2]

8.9 Tá Foireann Freagartha náisiúnta/rialtais an Stáit do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT-IE) lonnaithe sa Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. I measc a feidhmeanna, áirítear feabhas a chur ar 'fheasacht ar dhálaí' agus freagairt ar eachtraí a sholáthar i gcás eachtraí cibearshlándála náisiúnta.[3] Bronnadh creidiúnú mar 'Thionscnóir Iontaofa' ar an bhFoireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí an 28 Samhain 2017.[4]

8.10 Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta an sainordú don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (féachFíor 8.1).

**Fíor 8.1 Sainordú an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála**




Foinse: An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála, 2015-2017

### *Acmhainní a chur ar fáil*

8.11 Sa chinneadh a ghlac an Rialtas in 2011 lenar cuireadh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ar bun, ceadaíodh leithdháileadh tosaigh acmhainní €800,000 sa bhliain. Bhí an leithdháileadh le húsáid chun an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus an Fhoireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí a chur ar bun.


1 Cinneadh Rialtais, S180/20/10/481.

2 Cuimsítear le bonneagar náisiúnta criticiúil gnéithe criticiúla atá riachtanach chun seirbhísí bunriachtanacha amhail leictreachas, uisce, iompar, teileachumarsáid, tráchtáil agus sláinte a sholáthar.

3 Is é atá i gceist le 'feasacht ar dhálaí' an chaoi a mbraitear tosca agus imeachtaí comhshaoil chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a rachaidh faisnéis, imeachtaí agus gníomhartha an duine féin i gcion ar an gcomhshaol láithreach agus sa todhchaí.

4 Comhlacht is ea Tionscnóir Iontaofa atá bunaithe ag pobal na Foirne Freagartha i gcás Éigeandáil Ríomhaireachta (CERT). Léiríonn sé do na comhlachtaí lena mbíonn an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ag obair go bhfuil an leibhéal riachtanach aibíochta agus acmhainneachta oibriúcháin bainte amach ag an CSIRT.

**Fíor 8.2 Leithdháileadh buiséid an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála, 2012 go 2017**





Foinse: An Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil

8.12 Bhí leithdháileadh cistiúcháin na Roinne don chibearshlándáil sa tréimhse idir 2012 agus 2015 níos lú ná aon trian amháin den tsuim a ceadaíodh sa chinneadh rialtais in 2011 (féach Fíor 8.2). Tháinig méadú ar an leithdháileadh go dtí €1.95 milliún in 2017. Mar sin féin, ní dhéanann an Roinn caiteachas a bhaineann leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a thiomsú ná a fhoilsiú go rialta.

8.13 Léirítear i Fíor 8.3 na leibhéil foirne don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ó bunaíodh é. B'ionann le 14.5 coibhéis lánaimseartha leibhéal na foirne sa lárionad in 2017. Ceapadh Ceann Freagartha do Theagmhais ar bhonn buan in 2016, agus chomhaontaigh an Roinn clár earcaíochta do 2017. Tá sé sonraithe ag an Roinn gur ceadaíodh ceapachán 16 bhall foirne bhreise in 2018, lena n-áirítear Stiúrthóir buan agus Príomh-Oifigeach Teicniúil.

**Fíor 8.3 Leibhéal foirne (CL) an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála, 2012 go 2017 [a,b]**




Foinse: An Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Nótaí:
a CL (coibhéis lánaimseartha).
b Cuimsítear le foireann na Roinne an t-am a chaith príomhoifigigh sa Rannóg Beartais Idirlín (cuid de CL go dtí 2017 agus 1 CL amháin ó shin).

**8.14** Sonraíonn an Roinn nárbh éasca a chinntiú go raibh an meascán scileanna ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála chun dul i ngleic le réimse dinimiciúil dúshlánach, agus nárbh éasca ach an oiread samhail fáis don eagraíocht a leagan amach. Dá bhrí sin, sonraíonn an Roinn gur de bharr tuiscint fheabhsaithe ar na scileanna riachtanacha a tháinig méadú ar an líon foirne in 2017.

## An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála, 2015-2017

**8.15** Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála i mí Iúil 2015, agus leagtar amach ann 12 bheart atá le baint amach thar thréimhse na straitéise. Forbraíodh Plean Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála in 2015 freisin ina leagtar amach bun-spriocanna agus sonraítear ann go mbainfear amach na bearta ar fad má bhaintear na spriocanna sin amach.

**8.16** Tá achoimre ar mheasúnú ar an dul chun cinn maidir le baint amach na mbeart atá leagtha amach sa straitéis, bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach sa phlean forfheidhmithe, le fáil i Fíor 8.4. Amhail Bealtaine 2018, bhí ceithre bheart curtha i gcrích, bhí ceithre bheart curtha i bhfeidhm go pointe áirithe, agus bhí ceithre bheart ann nach raibh curtha i gcrích go fóill.

**8.17** Baineann an straitéis reatha leis an tréimhse ó 2015 go 2017. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go bhfuil sé i gceist Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála nua a fhoilsiú faoi dheireadh 2018.

**Fíor 8.4 Measúnú ar an dul chun cinn maidir le bearta na straitéise, amhail Bealtaine 2018**

| | |
|---|---|
| **An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a chur ar bun sa Roinn**<br>▪ Creidiúnú na Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí — curtha i gcrích | ● |
| **Slándáil líonra agus faisnéise do chomhlachtaí poiblí**<br>▪ Bhí sé beartaithe trí chlár oiliúna ar leith a chur ar bun le haghaidh eochairphearsanra i ranna rialtais. Níor cuireadh na cláir sin ar bun.<br>▪ Ní raibh córas bainistíochta teagmhas agus eachtraí slándála i bhfeidhm<br>▪ Cuireadh modh i bhfeidhm chun faisnéis ar bhagairt a sholáthar trí mheicníocht 'foláireamh agus comhairle' do rannpháirtithe san earnáil phoiblí | ◐ |
| **Rannpháirtíocht idirnáisiúnta stuama**<br>▪ Tá an Lárionad rannpháirteach ar bhord bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shlándáil Líonraí agus Córas Bainistíochta<br>▪ Tá rannpháirtíocht dhéthaobhach ar siúl. Tá an Lárionad rannpháirteach i roinnt meithleacha oibre agus sruthanna oibre | ● |
| **An Treoir AE a chur i bhfeidhm go hiomlán le reachtaíocht phríomha**<br>▪ Ba é an 9 Bealtaine 2018 an spriocdháta leis an treoir a thrasuíomh. Rinneadh an trasuíomh an 18 Meán Fómhair 2018. | ○ |
| **Slándáil agus póilíneacht náisiúnta**<br>▪ Bhí tiomantas sa Straitéis go gcuirfí i gcrích meabhrán tuisceana leis an nGarda Síochána — níor cuireadh i gcrích é | ○ |
| **An Chibearchoireacht**<br>▪ Bhí tiomantas sa Straitéis go gcuirfí i gcrích meabhrán tuisceana leis an nGarda Síochána — níor cuireadh i gcrích é | ○ |
| **Comhar idir eagraíocht shibhialta agus an t-arm**<br>▪ Tá comhaontú seirbhíse agus meabhrán tuisceana i bhfeidhm leis an Roinn Cosanta agus le hÓglaigh na hÉireann | ● |
| **Bonneagar náisiúnta criticiúil a chosaint**<br>▪ Níorbh ann d'aon cheanglas tuairiscithe éigeantach mar ní raibh an Treoir curtha i bhfeidhm<br>▪ Cuireadh modh i bhfeidhm chun faisnéis ar bhagairtí a sholáthar trí mheicníocht 'foláireamh agus comhairle'<br>▪ Níor cuireadh i bhfeidhm Tionscnamh i ndáil le Bonneagar Faisnéise Criticiúil — fóram d'oibreoirí córais criticiúla | ◐ |
| **Comhroinnt faisnéise**<br>▪ Rannpháirtíocht leis an tionscal agus le comhlachtaí earnála poiblí trí mheicníochtaí comhroinnte faisnéise atá comhaontaithe agus curtha ar bun<br>▪ Rannpháirtíocht leis an bpobal á soláthar ag Preasoifig na Roinne | ● |
| **Oideachas agus oiliúint**<br>▪ Forbairt clár oiliúna creidiúnaithe le comhpháirtithe acadúla — gan a bheith seachadta<br>▪ Bearta struchtúrtha le haghaidh oibreoirí an bhonneagair náisiúnta chriticiúil ag dul ar aghaidh | ◐ |
| **Feasacht an phoiblí**<br>▪ Bhí an láithreán gréasáin 'Make IT secure' ar fáil sa tréimhse idir 2012 agus go luath in 2018<br>▪ Feachtais eile chun feasacht an phobail a ardú — le cur i bhfeidhm i gcónaí | ◐ |
| **Caidreamh le hinstitiúidí tríú leibhéal**<br>▪ 'Grúpa cibearshlándála' le forbairt a threoróidh an idirghníomhaíocht san earnáil — gan a bheith bainte amach<br>▪ Bhí sé beartaithe meabhráin tuisceana a úsáid chun tacú leis an gclár taighde atá á fhorbairt san earnáil, ach níor cuireadh na meabhráin i bhfeidhm<br>▪ Níor cuireadh an caidreamh leis an Lárionad um Imscrúdú na Cibearchoireachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar bhonn foirmiúil | ○ |

Foinse: Plean Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála, 2015. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: ● Curtha i gcrích ◐ Dul chun cinn éigin ○ Gan a bheith curtha i gcrích


## An Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise

**8.18** Tá mar aidhm leis an Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise feabhas a chur ar stóinseacht na bpríomhchóras líonra agus faisnéise trí aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas (ar a dtugtar ‘colúin’)

- feabhas a chur ar acmhainneachtaí cibearshlándála bhallstáit an AE
- comhar a éascú maidir le cibearshlándáil i measc bhallstáit an AE
- bearta slándála agus ceanglais tuairiscithe teagmhas a thabhairt isteach le haghaidh príomhearnálacha.[1]

**8.19** Tá forléargas ar an struchtúr atá beartaithe sa Treoir chun na cuspóirí sin a bhaint amach le fáil i Fíor 8.5.

**Fíor 8.5 Treoir — cur chuige forfheidhmiúcháin**




Foinse: Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa — an Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
- ● Curtha i gcrích.
- ◐ Curtha i bhfeidhm i bpáirt.
- ○ Gan a bheith curtha i bhfeidhm.

1 Ní le teagmhais chibearshlándála amháin a bhaineann na ceanglais tuairiscithe. De réir na Treorach, is é is teagmhas ann eachtra ar bith ag a bhfuil tionchar díobhálach iarbhír ar an tslándáil líonra agus faisnéise. Mar shampla, is féidir teagmhais a bhaineann le cliseadh cumhachta agus crua-earraí, bogearraí mailíseacha, ionraí, víris nó guaiseacha comhshaoil a thuairisciú.

### *Colún 1 — Feabhas a chur ar chibear-acmhainní náisiúnta*

**8.20** Tá an tAire ainmnithe mar an t-údarás inniúil náisiúnta sa Stát i ndáil le hoibreoirí seirbhíse bunriachtanaí agus soláthraithe seirbhíse digití.[1]

**8.21** Tá riachtanais struchtúracha faoi cholún 1 curtha i bhfeidhm, ach tá bearnaí sa phleanáil straitéiseach i gcónaí. Sainaithnítear i Fíor 8.6 na riachtanais le haghaidh straitéis náisiúnta atá sonraithe sa Treoir, agus léirítear na cásanna ina gcloíonn straitéis náisiúnta reatha na hÉireann leis an riachtanas sa Treoir.

**Fíor 8.6 Riachtanais le haghaidh straitéis náisiúnta**

| | |
|---|---|
| **Cuspóirí agus tosaíochtaí le haghaidh bhainistíocht na cibearshlándála san fhearann náisiúnta** | ● |
| **Creat rialachais lena sainítear róil agus freagrachtaí páirtithe leasmhara ábhartha** | ○ |
| **Bearta maidir le hullmhacht, freagairt agus téarnamh a shainaithint, lena n-áirítear comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach** | ◐ |
| **Léiriú ar na cláir maidir le rannpháirtíocht an phobail, oideachas agus oiliúint a bhaineann leis an straitéis náisiúnta** | ● |
| **Léiriú ar na pleananna taighde agus forbartha a bhaineann leis an straitéis maidir le córais líonra agus faisnéise** | ● |
| **Plean measúnaithe rioscaí chun rioscaí a shainaithint**<br>▪ Tá tagairt ghinearálta ar rioscaí le fáil sa straitéis reatha | ◐ |
| **Liosta de na gníomhairí éagsúla atá páirteach i gcur chun feidhme na straitéise náisiúnta maidir le slándáil córas líonra agus faisnéise** | ○ |

Foinse: An Treoir AE maidir le Córais Líonra agus Faisnéise agus an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála, 2015-2017.

Nótaí: ● Le fáil sa straitéis reatha.
◐ Trasnaíl éigin leis an straitéis reatha.
○ Gan aon trasnaíl leis an straitéis reatha.

1 Tá Banc Ceannais na hÉireann ainmnithe mar údarás inniúil i ndáil le hoibreoirí seirbhísí bunriachtanacha in earnálacha bonneagair na baincéireachta agus na margaí airgeadais.

### *Colún 2 — Comhar idir na ballstáit a éascú*

**8.22** Tacaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) le forbairt agus le cur i bhfeidhm bheartas agus dhlí an AE maidir le córais líonra agus faisnéise. Tá beirt chomhalta ón Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ar bhord ENISA, agus tá an Lárionad páirteach freisin sna bunghrúpaí Eorpacha oibre agus comhair, Grúpa maidir le Comhar AE agus Líonra CSIRT. Éascaítear leis sin comhroinnt an dea-chleachtais maidir le bearta straitéiseacha, bearta teicniúla agus bearta eile. Ina theannta sin, bíonn rannpháirtíocht dhéthaobhach ar siúl idir an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála eile agus le Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí.

### *Colún 3 — Bearta slándála agus ceanglais tuairiscithe teagmhas*

**8.23** Ceanglaítear leis an Treoir aonáin/fiontair atá cáilithe mar oibreoirí seirbhíse bunriachtanaí nó mar sholáthraithe seirbhíse digití bunaithe ar chritéir shonraithe a shainaithint (féach Fíor 8.7). Tagann dualgais áirithe chun cinn faoin Treoir ag brath ar na critéir a chomhlíonann eagraíochtaí.[1] Tagann teagmhais intuairiscithe chun cinn nuair a chuirtear isteach go mór ar an soláthar seirbhíse os cionn tairseach áirithe.[2]

**Fíor 8.7 Critéir aicmithe le haghaidh soláthraithe seirbhísí**

**Oibreoir seirbhíse bunriachtanaí**

- A bheith bunaithe i mballstát AE agus ina chineál áirithe aonáin mar atá leagtha amach sa Treoir.
- Soláthraítear seirbhís atá bunriachtanach don tsochaí agus don gheilleagar.
- Soláthraítear seirbhís atá ag brath ar chórais líonra agus faisnéise.
- Chuirfí isteach go mór ar an soláthar seirbhíse dá gcuirfí isteach ar shlándáil líonra agus faisnéise na seirbhíse sin.

.

**Soláthraí seirbhíse digití**

- Soláthraítear áit mhargaidh ar líne, inneall cuardaigh ar líne, nó seirbhísí néalríomhaireachta i mballstát den AE.
- Soláthraítear cianseirbhísí, ar íocaíocht, trí mhodhanna leictreonacha.
- Soláthraítear seirbhísí ar iarraidh shonrach ó fhaighteoir na seirbhíse.
- An tÚdarás Inniúil Náisiúnta a dhéanann monatóireacht ar an soláthraí trí mhaoirseacht ex-post ar chomhlíonadh na Treorach.

Foinse: Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa — an Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise

1 Soláthraithe Seirbhíse Digití ag a bhfuil níos lú ná 50 fostaí agus a bhfuil iomlán a chláir chomhordaithe agus/nó a láimhdeachas bliantúil faoi €10 milliún, tá siad díolmhaithe ó na ceanglais maidir le slándáil agus tuairisciú.

2 Tá forléargas in Airteagal 6 den Treoir ar na tosca arb ‘éifeacht shuaiteach mhór’ iad.

**8.24** Go dtí seo, tá thart ar 60 aonán aitheanta ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála mar oibreoirí seirbhíse bunriachtanaí i seacht n-earnáil atá sonraithe sa Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise. Níl na haonáin sin ainmnithe go foirmiúil mar oibreoirí seirbhíse bunriachtanaí ag an Aire go fóill.

**8.25** Tá dualgais ar an Aire, mar an t-údarás inniúil náisiúnta, clár d'oibreoirí seirbhíse bunriachtanaí a chur ar bun agus a choinneáil. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár go rialta, gach dhá bhliain ar a laghad.

**8.26** I gcás soláthraí seirbhíse digití ag a bhfuil seirbhís á cur ar fáil i mballstát eile den AE ach atá lonnaithe in Éirinn, meastar gurb iad údaráis na hÉireann atá freagrach as an soláthraí sin chun críocha cibearshlándála.

**8.27** Tá sé sonraithe ag an Roinn gurb é an Stát atá freagrach as déileáil le slándáil na seirbhísí arna gcur ar fáil ar fud an AE ag cuideachtaí ilnáisiúnta (ar soláthraithe seirbhíse digití iad faoin Treoir) a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn. Mar thoradh air sin, beidh freagracht bhreise airgeadais agus riaracháin ar Éirinn mar gheall go bhfuil Éire ag feidhmiú mar an rialtóir slándála Eorpach *de facto*, rud a rachaidh i bhfeidhm ar na riachtanais acmhainní amach anseo.

**8.28** Tá an t-údarás ag an Aire a cheangal ar oibreoirí seirbhíse bunriachtanaí agus ar sholáthraithe seirbhíse digití araon an fhaisnéis riachtanach ar fad a chur ar fáil chun slándáil a gcóras líonra agus faisnéise a mheas.

**8.29** Anuas air sin, d'fhoilsigh an Roinn dréacht-bhearta slándála agus dréacht-treoirlínte tuairiscithe teagmhas d'oibreoirí seirbhíse bunriachtanaí agus do sholáthraithe seirbhíse digití an 16 Samhain 2017 le haghaidh comhairliúcháin. Tá sé beartaithe go gcuirfear iad sin i gcrích tar éis an Treoir a thrasuíomh.

## Rialachas agus maoirseacht

**8.30** I gcinneadh an Rialtais in Iúil 2011 lenar faomhadh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, faomhadh freisin bunú coiste idir-rannaigh chun beartas a leagan amach agus a chur i bhfeidhm maidir le dul i ngleic le dúshláin na cibearshlándála in Éirinn. Tháinig an grúpa le chéile den chéad uair i mí na Nollag 2013. Ní raibh fáil ach ar mhiontuairiscí aon chruinnithe amháin, dar dháta Feabhra 2014 (sonraithe mar an tríú cruinniú), chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn go dtugtar le tuiscint ina cuid taifead gur tháinig an grúpa le chéile cúig huaire.

**8.31** Sa Phlean Forfheidhmithe Straitéise ón Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (2015), sonraítear gurb é grúpa stiúrtha ardleibhéil idir-rannach a úsáidfear mar an struchtúr rialachais uileghabhálach don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála i gcónaí, rud a thabharfadh le tuiscint go ndéanfaí an grúpa a atreorú le feidhmiú mar an mheicníocht mhaoirseachta d’obair uile an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála. Tá sé sonraithe ag an Roinn nár tháinig an coiste le chéile ó foilsíodh an straitéis in 2015.

**8.32** Tá sé sonraithe ag an Roinn gurbh iad baill an choiste Rúnaí Cúnta ón Roinn agus ó Roinn an Taoisigh, Coimisinéir Cúnta ón nGarda Síochána, Príomhoifigeach ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Coirnéal ó Óglaigh na hÉireann, agus Comhairleoir ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

**8.33** Tá sé sonraithe ag an Roinn go bhfuil an fhreagracht bheartais agus oibriúcháin as an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ar an Rúnaí Cúnta atá freagrach as cúrsaí teileachumarsáide. Tugtar faisnéis ar fhorbairtí don Ard-Rúnaí go rialta freisin. Níor cuireadh aon mhiontuairiscí ná aon fhianaise eile ar fáil maidir le rialtacht na gcruinnithe faisnéise.

**8.34** Shonraigh an Roinn go mbíonn an chibearshlándáil á breithniú ag a Bord Bainistíochta ó am go ham. Sholáthair an Roinn na sleachta ábhartha ó mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird Bainistíochta (tá achoimre orthu le fáil i Fíor 8.8).

**Fíor 8.8 Achoimre ar mhiontuairiscí an Bhoird Bainistíochta, 2015 — Meitheamh 2018**

| Dátaí na gcruinnithe | Pointí a pléadh de réir na dtaifead |
|---|---|
| **2015 — Meitheamh** | Meabhrán don Rialtas maidir le foilsiú na straitéise maidir le cibearshlándáil. Seachadadh an phlean forfheidhmithe ghaolmhair. |
| **2016 — Eanáir** | Nuashonrú curtha ar fáil maidir le hionsaithe ar láithreáin ghréasáin an Rialtais |
| **2017 — Eanáir, Feabhra, Márta, Bealtaine** | Nuashonrú ón rannóg Acmhainní Daonna maidir le dul chun cinn i leith comórtais earcaíochta le haghaidh feidhmeanna cibearshlándála |
| **2018 — Aibreán** | Pléadh tosaíochtaí straitéiseacha agus comhaontaíodh go mbeadh an chibearshlándáil faoi chaibidil sa chéad chur i láthair eile i mí na Bealtaine |
| **— Bealtaine** | Cur i láthair mionsonraithe maidir leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus a chuid oibríochtaí go dtí sin |
| **— Meitheamh** | Nuashonrú ar chóiríocht agus tagairt do bhaill foirne bhreise an Lárionaid |

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil

**8.35** Shonraigh an Roinn freisin go mbeidh na socruithe rialachais agus maoirseachta don aonad ina ngné den chéad straitéis eile, bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, agus tá breithniú déanta cheana féin ag an Roinn ar dhréachtstruchtúr eagraíochtúil.

**8.36** Tá gealltanas i bPlean Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála go bhfoilseofar tuarascáil bhliantúil agus go ndéanfar measúnacht fhoirmiúil tionchair ar an obair go déanach in 2017. Níl na gealltanais sin comhlíonta go fóill, ach tá forléargas ar obair an Lárionaid i dtuarascáil bhliantúil na Roinne.

**8.37** Tá forléargas i Ráiteas Straitéise 2016-2019 na Roinne ar dhá tháscaire feidhmíochta a bhaineann le hobair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála

- cur i bhfeidhm Threoir AE maidir le Córais Líonra agus Faisnéise
- acmhainneacht freagartha na seirbhísí atá forbartha le bheith in ann gabháil do ghníomhartha cibearshlándála.

**8.38** Iarradh go foirmiúil ar an Roinn measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Lárionaid. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil go ndearnadh measúnú den sórt sin. Shonraigh an Roinn go raibh an measúnú ar fheidhmíocht obair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála ina chuid de ghnáthbhainistíocht feidhmíochta agus de rialachas corparáideach na Roinne.

## Conclúidí agus moltaí

### *An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála*

**8.39** Tá feidhm chriticiúil 'uile-Rialtais' ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Mar sin féin, bhí an leibhéal acmhainní sna chéad cheithre bliana i bhfad ní ba lú ná mar a bhí beartaithe i dtosach.

**Moladh 8.1**

> Moltar go ndéanfaí an Roinn athbhreithniú ar an gcaoi a gcuirtear acmhainní ar fáil don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála lena chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanach aige lena dhualgais agus lena chuspóirí forbartha a chomhlíonadh.
>
> **Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**
>
> Aontaithe.
>
> Rinneadh athbhreithnithe rialta ar acmhainní (daoine agus TFC) an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála mar chuid de phróiseas na meastachán bliantúil agus den uair is déanaí in 2017 mar chuid den mheasúnú ar riachtanais chun an Treoir AE maidir le Slándáil Córas Líonra agus Faisnéise a chur i bhfeidhm. Earcaíodh baill foirne bhreise don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála in 2017 agus, i gcomhréir le Plean Lucht Saothair na Roinne, 2018, earcófar líon mór ball foirne eile, Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Teicneolaíochta ina measc, in 2018/2019. Féachfar an athuair ar acmhainní i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála, 2018.

**8.40** Níl treo straitéiseach fhoriomlán an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála soiléir. Níl plean straitéiseach i bhfeidhm faoi láthair. Níor baineadh amach na cuspóirí ar fad sa straitéis roimhe seo. Níor leagadh amach na hamlínte chun na cuspóirí sin a bhaint amach ná na tosaíochtaí a bhaineann leo. Tá soiléireacht den sórt sin an-tábhachtach ar fad nuair a bhíonn acmhainní gann.

### Moladh 8.2

Moltar go ndéanfar doiciméad straitéise nuashonraithe a chur i gcrích ina leagfar amach cuspóirí agus príomhtháscairí feidhmíochta gaolmhara a bheidh ailínithe le hacmhainní atá beartaithe agus ar fáil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Rinneadh Straitéis 2015 a dhréachtú i gcomhthéacs ar leith, agus tháinig deireadh leis an gcomhthéacs sin go tapa. Ar an gcéad dul síos, cé go raibh súil leis an Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise sa Straitéis, bhí go leor difríochtaí idir an leagan críochnaitheach den Treoir agus an dréacht-leagan a bhí le fáil i lár 2015, i dtéarmaí conas a chaithfear le bonneagar criticiúil agus, rud ríthábhachtach, i dtéarmaí na ngnéithe maidir le soláthraithe seirbhíse digití a cuimsíodh ann.

Theastaigh i gcónaí ón Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála é féin a thagarmharcáil in aghaidh an dea-chleachtais idirnáisiúnta. Cuimsíodh sa tsamhail ar a bhfuil achomharc i Straitéis 2015 an dea-chleachtas bunaithe ar na bagairtí a bhí ann ag an am, ach tháinig athrú mór ar an timpeallacht sin ina dhiaidh sin. Ar bhonn náisiúnta, bhíomar páirteach sa fhreagairt do theagmhais nach raibh súil ar bith leo tráth an dréachtaithe, agus is léir nárbh fhéidir neamhaird a thabhairt orthu sin. Ní mór d'aonáin amhail an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a bheith solúbtha agus oiriúnaitheach chun go mbeidh siad éifeachtach i gcónaí. Is léiriú é sin ar an taithí idirnáisiúnta freisin — i bpobal domhanda CSIRT, tá athrú mór tagtha ar an bpríomhchúram le roinnt blianta anuas, agus rinneamar amhlaidh chun ár n-acmhainní a dhíriú ar na bagairtí is ábhartha.

Laistigh de phobal idirnáisiúnta CSIRT, tá an teicneolaíocht foinse oscailte á glacadh agus tá uirlisí á bhforbairt go hinmheánach go forleathan. Ceann de na cúiseanna atá leis sin ná an gá atá le baol ó dhíoltóirí a sheachaint. Cé go mbíonn caiteachas mór á dtabhú ag réimsí eile na hearnála poiblí maidir le comhairleacht agus ceadúnú bogearraí agus tacaíocht, tá beartas glactha ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála teicneolaíocht foinse oscailte a úsáid nuair is féidir. Meastar go traidisiúnta go mbíonn ceangal díreach idir caiteachas méadaithe reatha nó caipitiúil agus torthaí nó acmhainneacht, ach ní hamhlaidh atá i gcás na CSIRTanna agus na Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála i gcoitinne.

Dá bhrí sin, tá treo straitéiseach an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála go hiomlán soiléir, agus tá feidhm le héirim ghinearálta straitéis 2015 i gcónaí — acmhainneacht a neartú agus ullmhú do theacht i bhfeidhm na Treorach maidir le Córais Líonra agus Faisnéise. Mar sin féin, de bharr cúinsí áirithe, tháinig forbairt ar róil agus ar fheidhmeanna an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála ar bhealaí atá éagsúil lena raibh beartaithe i straitéis 2015. Tá Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála riachtanach faoin Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise, agus tá obair ar siúl faoi láthair ar straitéis athbhreithnithe. Táthar ag súil go mbeidh an straitéis athbhreithnithe curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana 2018. Cuirfear grúpa stiúrtha ar bun chun na páirtithe leasmhara ar fad a thabhairt le chéile chun bonn eolais iomlán a chur faoin bpróiseas. Léireofar sa straitéis seo forbairtí i réimse na cibearshlándála agus laistigh den Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, agus leagfar amach ann socruithe rialachais don lárionad, lena n-áirítear an chaoi a bhfeidhmíonn an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála i ndáil le Coiste Comhaireachta F an Rialtais.

**8.41** Tá an meabhrán tuisceana leis an nGarda Síochána atá beartaithe sa Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála le cur i gcrích go fóill. Le soiléiriú maidir le róil gach aonáin, ba cheart go n-éascófaí iniúchadh éifeachtach éifeachtúil ar chibearchoireanna agus ar theagmhais slándála náisiúnta.

**Moladh 8.3**

Moltar go ndéanfaidh an Roinn meabhrán tuisceana leis an nGarda Síochána lena chinntiú go bhféadfar acmhainní agus cumais a imlonnú ar bhealach atá spriocdhírithe agus éifeachtúil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Sheol an Roinn dréachtmheabhrán tuisceana chuig an nGarda Síochána in 2017, agus tá cainteanna ar siúl i gcónaí chun an meabhrán a chur i gcrích chomh luath agus is féidir.

Mar sin féin, ní chuirtear isteach ar an éifeachtacht oibriúcháin ar bhealach ar bith toisc nach bhfuil meabhrán tuisceana foirmiúil i bhfeidhm, agus tá rannpháirtíocht dhearfach leanúnach ar siúl leis an nGarda Síochána, go háirithe i réimsí na cibearchoireachta agus na slándála náisiúnta. Is ann d'oiliúint chomhroinnte leanúnach freisin, agus tá ball den Gharda Síochána ar iasacht leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, agus beidh an dara duine ar iasacht go luath.

## *An Treoir maidir le Córais Líonra agus Faisnéise*

**8.42** Glacadh Treoir AE maidir le Córais Líonra agus Faisnéise go foirmiúil in 2016 agus tá mar aidhm leis an treoir leibhéal ard slándála i gcórais líonra agus faisnéise a bhaint amach ar fud an AE. Ba é an 9 Bealtaine 2018 an spriocdháta leis an Treoir a thrasuíomh i ndlí na hÉireann. Rinneadh an trasuíomh an 18 Meán Fómhair 2018.

**8.43** Ceanglaítear leis an Treoir straitéis náisiúnta a ghlacadh ina bhfuil riachtanais áirithe. Níl straitéis náisiúnta ar bith i bhfeidhm faoi láthair agus níor cuimsíodh cuid de na gnéithe riachtanacha leis an straitéis roimhe seo: plean measúnaithe rioscaí, liosta de na páirtithe leasmhara éagsúla, agus creat rialachais.

**Moladh 8.4**

Ba cheart don Roinn a chinntiú go gcomhlíonann an straitéis nuashonraithe riachtanais ar fad na Treorach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Tá obair ar siúl faoi láthair ar straitéis athbhreithnithe agus táthar ag súil go mbeidh an straitéis athbhreithnithe curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana 2018. Cuirfear grúpa stiúrtha ar bun chun na páirtithe leasmhara ar fad a thabhairt le chéile chun bonn eolais iomlán a chur faoin bpróiseas.

### *Freagracht agus maoirseacht*

**8.44** Cé go raibh cur síos ar struchtúir rialachais i bplean forfheidhmithe na straitéise, go praiticiúil, ní léir cé na struchtúir atá i bhfeidhm. Ról ríthábhachtach de struchtúir den sórt sin is ea féachaint ar threo straitéiseach fhoriomlán an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála agus athbhreithniú, monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as na hacmhainní atá ar fáil.

**Moladh 8.5**

Ba cheart don Roinn creat rialachais cuí a chur i bhfeidhm don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Tá an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ina aonad oibriúcháin laistigh de Rannóg Beartais Idirlín na Roinne, agus cloíonn an Lárionad le creat rialachais chorparáidigh na Roinne. Ní aonán ar leith é. Ina ionad sin, is cuid bhunriachtanach den Roinn atá ann.

Tá forbairt tagtha ar shocruithe tras-rialtais ó aimsir na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála, 2015. Mar thoradh air sin, tá feabhas tagtha ar an gcomhar déthaobhach agus ar na struchtúir rialachais fhoriomlána a bhaineann le cúrsaí cibearshlándála sa Stát. Soláthraíonn Coiste Comh-Aireachta F an Rialtais agus an Grúpa Oifigeach Sinsearach a bhaineann leis fóram uileghabhálach ar leibhéal sinsearach chun tabhairt faoi chúrsaí cibearshlándála. Ní raibh súil leis an struchtúr idir-rannach foirmiúil seo ar leibhéal Comh-Aireachta in 2015, agus is fóram i bhfad níos comhtháite agus níos lárnaí atá ann chun ábhair bheartais maidir leis an gcibearshlándáil a phlé.

Déanfar measúnú agus athbhreithniú ar an gcreat rialachais i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála a bheidh ann go luath.

**8.45** Ní thugtar tuairisc ar leith i gcuntas leithreasa na Roinne ar an gcostas costas iomlán a bhaineann leis an gcibearshlándáil. Dá thoradh sin, níl follasacht ann maidir le hinfhaighteacht ná le húsáid acmhainní.

**Moladh 8.6**

Ba cheart don Roinn an ghníomhaíocht a bhaineann leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a nochtadh ar leithligh ina meastachán agus ina cuntas leithreasa.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Tuairiscítear caiteachas a bhaineann leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála sa chuntas leithreasa faoin gClár Cumarsáide de réir struchtúr vóta na Roinne.

Is mian leis an Roinn nochtadh poiblí faisnéise oibríochtúla a bhaineann le hoibriúcháin agus le hobair an Lárionaid a sheachaint mar gheall ar imní maidir le slándáil oibriúcháin. Mar sin féin, oibreoidh an Roinn i dtreo an caiteachas ar an gcibearshlándáil a aithint as féin ar bhealach cuí sna meastacháin athbhreithnithe le haghaidh seirbhísí poiblí in 2019 nó 2020.